



501

"SCÉAL NA COISE MÓIRE"

(Tógtha síos ag Liam Mac Meanman, Móinín,
Clochan, Leithbhearr, Tír Chonaill, ó bhéal-
aithris Eibhlín Ní Bheirn, Leitirchoilleadh,
Paróiste Cill Taobhog, 29/11/35.)

(MS. 170. pp. 212-220).



A 616:12

"Scéal na Coise Móire"

Lá amháin amach ins a Samhradh bhí ann bhí fear uasal agus a mhac ag gul thart agus cóiste leófa — gul amach ar walk dófa fhín agus fuaidh siad thart ag an teach seo agus mhoithigh siad a caoineadh agus a beicfeach istuigh sa teach agus ní rabh fhios ocu faoi Dhía goide bhí gul. Dar leófa fhín stapfaidh siad agus fua siad isteach go bheicfead siad goide bhí ann. Goide bhí annsin ach bean agus cailin óg istuigh agus a bhean a greadu bualadh, chailin agus d'fhiaffruigh mac an fhir uasal:-

"Goide" ar seisean "ata deánta aice na goide -"?

"Tá, maise ní thíg liom í choinneall ó obair" adeir sí

"Tá sí marbh 'g obair agus tá me da bualu a geall air"

adeir sí: "Gan í í fhín a mharbhu ag obair."

"My oh" ar seisean "Is maith a locht at' uirthi" ar

seisean "Sin rud" ar seisean "Ata dheath ar mo mháthair"

ar seisean "Cailin atá maith ag obair" ar seisean "agus

níl sí ábalta cailin ar bith fhághail a dhéanfas an

obair a shásochas in a n-obair í. Well - agus bheir-

fe mise liom í" ar seisean "Mar cailin ag mo mháthair"

ar seisean "Ma leigeann tú liom í"

"Leigfidh leoga" ar sise "agus céud fáilte nó tá sí



A 616:13

2.

marbh 'g obair annseo".

Ach chuir sé 'steach ins a choiste í agus thug leis
abhaile í trathnóna agus fuaidh siad na bhaile 'na chúirt
agus ins a chaislean agus a cailin leófa.

"Seo cailin" ar seisean leis a mháthair " a fuair mise" ar seisean
"agus tá sí an-mhaith ag obair", "ná nuair abhí miúd ^{Sinne} ag
gul thart indiu" ar seisean "Bhí a máthair dá bualadh a
gheall ar í oibriu go socair nó bhí sí marbh ag obair" ar
seisean " agus thug mise liom chugutsa í"

"Well tcím"

agus thug duithi suipear agus bhí go h-an-mhaith duithi
agus chuir sí 'steach 'na room ar maidin lá'r na mhárach
í agus

"'Nois" ar sise "Sin" ar sise "Túirne beag ugut" ar sise
"agus cúig phunta" ar sise "Do snáth-lín" ar sise" A
chaitheas a bheith sníomhta ugut" ar sise "Damhsa" ar
sise " Trathnóna" ar sise "Nó mur rabh" ar sise "Cuirfidh
mise 'un báis thú trathnóna" ar sise.

"Well fiacha me leis" ar sise.

Bhí sí 'stuigh agus a túirne aici agus níor shníomh sí'n
rollag aríamh ná ní rabh fhios aici goide mar dhéanfad
sí char a bith ná mór chárdál sí'n bhit agus níl i bhfad
gur mhoithigh sí'n rap a teacht 'un darais aici agus bean



A 616:14

3.

abhí annsin agus í an-chromí crom amach agus agus ní rabh fhios aici goide — agus bhí sí caoineadh ar fad.

"Goide 't'ort" ar sise ?

"Tá" ar sise "Tá-seo tasc" ar sise "ata ormsa indiu" ar sise "agus níl me ábalta — ná ní fheaca me dadaidh aramh" ar sise "Do'n t-séort chan amháin a dhéanamh".

"Well ma chuireann tú cuireadh na bainse damhsa" ar sise "dhéanfa me do thasc indiu" ar sise.

"Bheirfidh leoga" ar sise "Ma gheibhim fhín í" ar sise Ach rinn sí — shuidhe sí sin — shuidhe sí ag an túirne agus fhad agus bheitha do do choisricin fhín bhí na cúig iarnain don snáth-lín sníomhta aici leaghta nuas ar chionn a tábla

"agus na lóir" ar sise "go bráth go bhfaca tú mise"

Ní loirfidh leoga" ar sise,

agus thenaic a bhean uasal — bean an fhir uasal isteach trathnóna aici

"Oh my oh" ar sise "'S tú'n cailin a b'fhearr a bhí

'ríamh ugum" ar sise "'nois" ar sise "Eirigh agus gabh

'mach" ar sise "Agus glan suas thú fhín agus gabh 'mach

leis an fhear seo" ar sise "tumallt a walkal trathnóna"

agus rinn sí sin agus fuaidh sí 'mach agus thenaic sí

'steach ins a room chéadhna í i lár' na mhárach



A 616:15

4.

"Seo anois" ar sise "Tá'n oiread seo" ar sise "Lion-eudaigh ugut" ar sise " Le figheadoireacht indiu" ar sise. Chan fhínl fhios ugumsa ce mhéud cuta nó ce mhéud abhí le déanú agus é le leagaint" ar sise "Na thrí philleadh agus é bheith cionn a tábla ugut trathnóna damhsa" ar sise "nó mur mbéidh se mar sin ugut" ar sise " Cuirfidh mise'n báis anucht thú"

"Fiacha me leis" ar sise,

agus bhí sí annsin agus ní rabh fhios aici faoi Dhía nó níor shuidhe sí 'ríamh ag an seól nó ní rabh fhios aici goide mar d'oibreochad sí e agus bhí sí annsin agus bhí sí na suidhe a barr-chaoineadh agus thenaic a rap 'un darais aici agus thenaic a bhean mhór seo isteach chuici agus oh í— cos amháin uirthí comh mór le — le dhea chois duine agus ní rabh fhios aici goide—

"Goide 't'ort" ar sise

"Tá" ar sise "Tá me annseo" ar sise "agus ní fheaca mise'n seól aríamh" ar sise "Ní amháin suidhe agus an oiread seo lion-eadaigh sníomh agus a fhágailt na thrí phile annsin ar chionn a tabla" adeir sí "Fa choinne seo" adeir sí "trathnóna" "agus tá me le chur chun báis anucht."

"Well mar thóranntú" ar sise "Cuireadh na bainse damhsa dhéanfa me do thasc indiu" ar sise.



A. 616:16

5.

"Bheirfidh leoga" ar sise "agus céud fáilte ma gheibhim fhín i"

Shuidhe sí sin ag an t-seól agus fhad agus bheitha do do choisricin fhín bhí'n méid seo slataí do lion-eudach ag figheadoireacht aici agus é na thrí filleadh aici ar chionn a tábla agus thenaic a bhean-uasal isteach trathnóna .

"Oh my oh" ar sise "'S tú'n cailin" ar sise "B'fhearr-b'fhearr a bhí 'ríamh ugum" ar sise "Eirigh 'nois" ar sise "agus glan suas thú fhín agus gabh 'mach a walkal leis an fhear seo" ar sise "anois cupla uair." ar sise "Is tú'n cailin a b'fhearr a bhí ríamh ugum" ar sise.

(Deireadh Eit 75)

(Eitean 76) Ar maidin lá'r na mhárach nuair a d'eirigh sí, thug sí 'steach 'na room eile í agus dubhairt sí lehi go rabh tasc aici le deánú 'ndiu aici sin a sciúru— a lion-eudach sin a sciúru agus é bheith na chúig phile aici ar chionn a table trathnóna duithi-se agus mur mhéadh go gcuirfead sí chun báis í agus ní rabh dadaidh aici fa choinne'n rud a sciúru ná dadaidh agus ní fheaca sí'n dóigh ná dadaidh agus ní rabh fhios aici faoi Dhía goide



A 616:17

6.

bhí le déanú agus ní rabh'n bhean ann agus ní rabh fhios aici goide bhí le déanú aici agus a ceanna crom.

Diabhal i bhfad gur seo a rap ag an daras agus seo isteach bean agus a srón choir a bheith thíos ins a tolamh agus "Goide" ar sise bhí — goide 't'ort a caoinead annsin" "Oh tá" ar sise "Fagadh tasc orm le déanú agus níl mé abalta a dhéanú" ar sise (D'fhag sí gréasán lineudaigh sin istuigh agum indiu agus ^uáirt sí liom é bheith sciurtha ugum réidh)

le bheith 'na chúig filleadh" ar sise "Trathnóna ar chionn a tábla (nuair a thioctad sí isteach nó mur mbéadh go gcuirfidhe 'un báis me nucht".

"Well", arsa'n chailleach, "ma thórann tú) cuireadh na bainse damhsa dhéanfa me do thasc indiu"

"Bheirfidh leoga" ar sise "ma gheobhaim fhín í"

"Well seo a puinnte deireannach" adeir sí "A chuirfidh sí rómhat" adeir sí "Seo deireadh indiu" ar sise "Ach cuimhinigh" ar sise "Cuireadh na bainse thóirt damhsa"

"Bheirfidh leoga" ar sise "Ma gheobhaim fhín í" agus

Begorrah thenaic a bhean uasal isteach trathnóna agus bhí'n lion-eudach na chúig filleadh aici sciurtha,

X Do cheistigh L. Mac Meanman an seanchaidhe arís agus fuair sé uaidh an méid atá idir (). Scríobhas féin isteach annso é, 3/7/1936. Seán O'Súilleabháin, Clárathóir.



A 616:18

7.

fittailte ar chionn a tábla

"Oh my oh" ar sise "Is tú'n cailin" ar sise "is fhearr a bhí 'ríamh ugum" agus duirt leihí annsin go rabh a mac le fághail aici

"Agus thig libh" ar sise "lá ar bith" ar sise "Fhághail pósta anois" ar sise agus "Tá me— is tú'n cailin" adeir sí "is fhearr abhí 'ríamh ugum" agus annsin "Gabh 'mach anois agus gabh 'steach agus glan suas thú fhín agus gabh 'mach leis an fhear seo" adeir sí "Tumallt a walkal indiu.

Deanaigi suas lá bainse" ar sise " agus achan seórt" ar sise "Nuair atá do thasc déanta" agus

fuaidh siad amach agus rinn siad suas annsin lá pósta lá'r na mhárach agus posadh'n bheirt agus mhair a bhainfheis lá agus bliain agus nuair a bhí'n bhainfheis 'na cheart ag gul thart thenaic sean-bhean 'un darais agus mhoitigh siad a troop fa'n daras agus ní rabh fhios ocu goide rud a bhí ann agus thenaic sí 'steach agus bhí cos uirthí comh mór le ceihre chos agus shuidh sí thuas — d'iarr seisean uirthí ghu^t suas na teineadh agus fuaidh sí ce bith "Goide rud thusa" ar seisean "Nó ca dtenaic tú as"?

"Do phairtidhe'n bhríde mise" ar sise.

Thug se gloine uisce bheatha diuthi annsin agus chaith sí



A 616:19

síar a agus shuidh sí ins a choirneal.

Tumall beag na dhéidh sin thenaic a taraman thart arais
amuigh agus thenaic a bhean eile 'steach agus srón uirthi
comh fada síos go dí'n tolamh.

D'fhag me seo mo dhéidh

"Goide rud thúsa" ar seisean

"Oh" ar sise "Is cuma" ar sise "Goide rud mise do phairtidhe'n
bhride —

"Goide thenaic ort" ar seisean "Nuair ata do shrón mar sin"

"Choinnigh mo mháthair" ar sise "Mé" ar sise "graitheach
a nigheachan" ar sise "agus a déanú achan seórt nó gur fhás
mo strength síos in mo shróin" ar sise

"Well ma's fíor sin" ar seisean leis a bhean 'saige fhín

"Ní dhéanfa tusa'n bhít go bráth do sin" ar seisean agus
thug se gloine uisce bheatha duithí sin agus shuidh sí sa
choirneal agus seal 'na dhéidh sin bhí achan seort a gul
go bréugh agus thenaic bean eile 'steach agus bhí — oh
bhí a cionn buailte thíos ar a tolamh

"Goide rud thusa" ar seisean "nó ca dtenaic tú as"?

"Do phairtidhe'n bhride mise"

"Nuair abhí tú do ghíorsaidh" ar seisean "Goide thenaic ort"

"Choinnigh mo aríamh me" ar sise "a figheadaracht me" ar
sise "agus ag obair" ar sise "nó gur chrup me suas i gcionn
a chéile" ar sise "agus ní rabh me ábalta carradh le tréun—



A 616:20

9).

gur thenaic mo strength uilig anuas un tolamh"ar sise
"Le tréun—"

"Well ma's fíor sin" ar seisean "ní dhéanfa tusa" ar seisean
lena bhean fhín "an turn go bráth" agus thug se gloine
uisce bheatha duithi sin agus shuidh sí ins a choirneal
agus d'fhann siad go maidin agus mhair a bhainfheis lá agus
bliain agus b'fhearr a lá deireannach ná'n cheud lá agus
fua siadsan a t-áth agus mise'n clocha agus báitheadh
iadsan agus thenaic mise.

.....